

Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

Tá teorainneacha maithe agus teorainneacha olca ann, dar leis an uile dhuine. Is minic gur mhaith linn iad a scriosadh. Ach is minic freisin gurb fhearrde sinn iad. Bíonn dhá thaobh ag gach teorainn.

Conas a mheastar iad? De réir na ceisteanna seo leanas, déarfainn: Cé a thóg? An sprioc é nó an bac é? An bhfuil sé ann chun sinn a chosaint, nó chun an taobh eile a chosaint orainn? Nó an comhghéilleadh é? An bhfuil sé sealadach nó buanseasmhach?

Go hiondúil, ní bhíonn na freagraí ar na ceisteanna seo thuas éasca. Ní lia duine ná barúil. Bíonn a lán staire ag baint le teorainneacha. Agus athraítear go minic iad. Bíonn brí nua leo minic go leor.

Tá dán le hEibhlís Carcione (agus fáilte is fiche roimpi mar scríbhneoir nua anseo) san eagrán seo dar teideal *An Teorainn Nua*. Sa dán seo, déantar balla cosanta de na clocha a chaitheadh ar an bhfile. Iompaítear airm an namhad go háis dhearfach. Ag luí isteach leis seo atá an ráiteas úd i nGeineasas 50:20 sa Bhíobla, nuair a bhí Iosaef ag caint lena chuid deartháireacha, “...bheartaigh sibh olc i m’aghaidh ach dheonaigh Dia é a chur chun tairbhe...”

An ndéanaimid amhlaidh i saol na Gaeilge? Is minic a bhítear dár n-ionsaí. An úsáidimid clocha ár naimhde chun balla cosanta a thógáil? Nílím cinnte. Tá an cás seo níos éasca a fheiscint sa treo eile, ámh. Is minic a thógtar ballaí cosanta inár n-aghaidh leis na hairm as a mbainimid feidhm. Bímid ag iarraidh ar rialtas na hÉireann seirbhísí a sholáthair trí mheán na Gaeilge, mar shampla. Deir siad go ndéanfaidh, go bhfuil siad ar tí sin a dhéanamh, srl. Tá siad ag déanamh an rud a iarradh orthu, deir siad. Agus tógtar an balla.

Iarrtar ar rialtas na hÉireann airgead a chaitheamh ar son na Gaeilge. Pé maith a dhéanann an t-airgead seo, nach minic a cháintear é? Is áisiúil é, is arm é ar son na Gaeilge. Ach nach minic a dhéantar teorainn den saghas seo cabhrach? Nach gcloistear



gurb amhlaidh nach féidir XYZ (nó YYZ?) gan tacaíocht áirithe, gan polaiteoirí áirithe, gan an t-airgead, srl. Tógaimid an balla os ár gcomhair féin. Ní fheadar an é nach gcaithimid na clocha fada go leor uainn, nó nach bhfeictear thar an bponc sin. Agus nílím á rá nach ceart agus cóir na hairm seo a úsáid. Ach mura siúlaimid ar aghaidh agus na clocha á gcaitheamh againn - nó fiú orainn - titeann siad san áit chéanna agus éiríonn cearn agus ansin balla ard, agus ar ball, nílím ábalta feiscint thart.

Ní dóigh liom go dtuigeann aon mhuintir eile cad is balla clocha ann chomh maith le muintir na hÉireann. Rinneadh iad chun teorainneacha a thógáil, cinnte. Agus as cúis eile, dar ndóigh. Bhí an iomarca clocha ann, mar bhaic ar ghnó an fheirmeora. Níorbh fhéidir toradh a bhaint as an talamh gan an ciotaí seo a ghlanadh de. Rinneadh amhlaidh i gcomhair píosaí talún ar le duine amháin iad, minic go leor. D'éirigh na píosaí seo ní ba lú agus ní ba lú fós de réir a chéile. D'éirigh a saol ní ba theoranta. Agus ba bheag iad na clocha a bhí fágtha. Ach bhí teorainneacha timpeall ár ndóthain againn!

Fadó, bhíodh ár sinsir ábalta bolláin a ardú. Rinne siad cromleaca agus mar sin de - i lár páirceanna gan teorainneacha chomh fada agus ab fhéidir leo a fheiscint. Arbh fhathaigh iad? Chreidtí gurbh ea. Ach ba

dhaoine iad. Ní raibh na teorainneacha céanna acu, sin uile.

B'amhlaidh an scéal é nár labhraítí Gaeilge lasmuigh d'Éirinn agus d'Albain, ach go hannamh. Scéal difriúil atá ann sa lá atá inniu ann. Labhraítear ar fud na hÉireann í arís, rud nár tharla le fada an lá. Labhraítear ar fud an domhain í, mar is léir san iris seo. Tá Colin Ryan ina chónaí i Victoria na hAstráile, Panu Höglund i dTurku na Fionlainne, Éamonn Ó Cualáin i gConamara (fáilte mhór chroíúil roimhe, agus roimh Sheosamh Ó Riain, Ciarraíoch, agus roimh Phádraig Ó Roidigh as an gCurrach, Co. Chill Dara, freisin), Tim Quinlan i mBaile Átha Cliath, Máire Wren i Leitir Ceanainn i nDún na nGall, beirt as Corcaigh (Eibhlís Carcione agus Gearóid Ó Laoi, mo leas-eagarthóir) agus an bheirt eile againn (mise agus Lugh De Paor) i Nua-Eabhrac

- san eagrán seo amháin. Bhí dráma a rinne RTÉ de scéal Mháire Wren anseo againn ar an ngearrliosta don Prix Europa i mBerlin i nDeireadh Fómhair 2013. Is ball de ghnó idirnáisiúnta na scannánaíochta Sóna é Éamonn, gnó atá bunaithe sa Ghaeltacht.

Ní fhaca díograiseoirí thús na fichiú haoise an titim amach seo - bhí a radharc teoranta. Ach shiúil siad ar aghaidh agus lean siad leis an troid. Níl an Ghaeilge sna Gaeltachtaí amháin níos mó. Le fírinne, nár teorainn amhrasach sin, an ceann idir lucht labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht agus móramh na tíre? Ceapadh air mar áis chun an teanga a chosaint, ach bainteadh úsáid as, ar ball, chun an teanga a choimeád faoi chois ar fud na tíre. Tá an scéal sin ag athrú, buíochas le Dia.

Cad é an teorainn nua, mar sin? Cá bhfuil sí? Cé a thóg?